# AR CHUALA TÚ?

## Oireachtas na Samhna 2022



(Pictiúr le caoinchead ó Oireachtas na Gaeilge)

Ba iontach go raibh Féile an Oireachtais ar ais faoi lánseol arís tar éis troscadh dhá bhliain. Tháinig slua ollmhór go Cill Áirne chun príomhfhéile na nGael a cheiliúradh.
Ar nós gach bhliain eile, bhí neart imeachtaí agus, ar ndóigh, comórtais éagsúla ar siúl.
Is iad pobal Chonamara Láir a bhí thar a bheith bródúil nuair a fógraíodh gurbh é Bríd Ní Mhaoilchiaráin a bhí ag tabhairt abhaile Corn Uí Riada don tríú uair!
Is í Bríd, atá ina chónaí i Roisín na Mainiach igCarna, an tríú duine a bhfuil an corn buaite trí huaire aici. Bhí muintir na háite amuigh chun fáilte a chur roimpi abhaile agus tinte cnámh lasta ar thaobh na mbóithre an Domhanch sin le ceiliúradh a dhéanamh ar an éacht atá bainte amach aice. Táimid cinnte go raibh sceitimíní ar a cuid daltaí i Scoil Náisiúnta na hÁirde Thiar agus iad ag fanacht uirthi maidin Dé Luain chun an corn a fheiceáil. Comhghairdeas ó chroí leat a Bhríd!

Tá ardmholadh ag dul do AIghne Ní Chadhain as Leitir Mucú a tháinig sa dara háit i gComórtas Cáilithe Amhránaíochta ar an Sean-Nós do mhná (faoi 35) agus le Róisín Ní Raifeartaigh, scoláire ó Choláiste na bPiarsach as an Teach Mór in Indreabhán) a bhfuair duais don dara háit sa chomórtas d'amhránaithe óga.
Ba mhaith le fhoireann Chonamara Láir comhghairdeas agus gaisce a dhéanamh as na buaiteoirí eile ón gceantar. Caithfear é a rá go rug damhsóirí óga Chonamara barr bua ar an stáitse ag 'Steip', an comórtas Damhsa ar an Sean-Nós:



-Tríú Duais (Daoine Fásta): Eveline Ní Niaidh, Inbhear Beag
-Dara háit Faoi 17: Katie Ní Shuilleabháin, Loch con Aortha
-Bonn Óir (idir 15-16): Conall Ó Mainín, Gleann Trasna, Rosmuc
-Tríú Duais Faoi 14: Bláithín Ní Mhainín, Rosmuc

*Ar chlé (daltaí Coláiste na bPiarsach- Katie, Conall, Bláithín & Róisín)*



# Paraic Ó Coirbín
# 1950-2016

**Rugadh Paraic san Aird Thiar i gCarna ar an 18 Meitheamh. Ba é an duine is sine é de sheachtar clainne, Colm agus Seán nach maireann agus Matt, Séamus, Baba agus Máire. Phós sé Máire Áine Ní Chualáin as baile Charna i 1972 agus bhí triúr gasúr acu, Caitríona, Paraic Óg agus Anne. Bhí an pheil ghaelach i gcroílár a shaoil ó bhí sé ina leaid óg. Bhain sé amach a chéad ghradam peile i 1966 nuair a bhuaigh sé Craobh an Iarthair faoi 16 le Cumann Peile Charna. Dhá bhliain ina dhiaidh sin bhí sé ar phainéal mionúr na Gaillimhe, éacht nach raibh déanta ag fairsing de leaids óga ón taobh sin tíre ag an am. I 1970, agus gan é ach scór bliain d'aois, bhí sé mar chaptaen ar fhoireann sinsir Ghaeltacht as Chonamara a bhuaigh Comórtas Náisiúnta Peil na Gaeltachta i nGaoth Dobhair in aghaidh Naomh Abán Baile Bhuirne as Corcaigh. Bhí imreoirí ó chúig chumann sóisir as deisceart agus iarthar Chonamara ar an bhfoireann seo. Is gaisce mór a bhí ann ag an am, agus atá ann go dtí an lá inniu ann mar níor bhuaigh foireann sinsir seo ach trí huaire riamh; Maigh Cuilinn agus An Cheathrú Rua i 1997 an dá fhoireann eile. Bhí foireann Ghaeltacht Chonamara páirteach i gCraobh Shinsir Peile na Gaillimhe ar feadh cúpla bliain ina dhiaidh sin freisin. Bhain Paraic a chéad chraobh áitiúil eile amach le Cumann Charna i 1973 nuair a d'éirigh leis Craobh Sóisear an Iarthair a bhaint amach. Faraor, theip orthu i gcluiche ceannais an chontae in aghaidh Cealltrach chun an t-ardú céime go sinsir a fháil. I 1978, bhí Paraic ar ais i nDún na nGall do Chomórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta, ach an uair seo lena chumann fhéin i ngrád na sóisear. Bhain Carna amach an t-aon chraobh náisiúnta nuair a bhuaigh siad in aghaidh Bhaile na Sceilge as Ciarraí sa gcluiche ceannais.**

**Sna blianta beaga ina dhiaidh sin agus de bharr imirce, scaip go leor imreoirí ó pharóiste Iorras Aithneach agus ní raibh foirne á gcur chun páirce ag an gcumann. Dá bhrí sin, i 1987 rinneadh nascadh idir Cumann Peile Charna agus Cumann Peile an Chaisil agus bunaíodh Cumann Peile Charna/ An Chaisil. Ó 1987 go dtí a bháis i 2016, bhí Paraic lárnach sa gcumann nua i mbealach amháin nó ar bhealach eile, ó chóitseáil go bainistíocht go hUachtarán an Chumainn, ag gearradh féir ar an 'Plantation' agus ag glanadh seomra feisits.**

**I mbliana, bhí sé de phíbhléid ag a chlann Corn Cuimhneacháin Pharaic Uí Choirbín a chur ar fáil do Chomórtas faoi 19C an Iarthair. Bheadh Paraic an-bhródúil as seo.**

---

**Comghairdeas mór le foireann Carna Caiseal/ na Piarsaigh a bhuaigh in aghaidh an Cheathrú Rua Dé Sathairn, an 19ú Samhain. Bhronn mac le Paraic, Paraic Óg, an corn orthu ar an lá.**

**Guímid gach ádh agus rath ar na leaids agus iad ag imirt in aghaidh Cumann Naomh Gabriel i gcluiche ceannais f19c an chondae. Tá an cluiche socraithe don Satharn 1pm ar an Spidéal.**



## Tá seirbhís nua bus seolta ag Nasc Áitiúil TFI, Gaillimh  – Bealach 432 ón gCeathrú Rua go dtí an Clochán

**Ó Dé Céadaoin 16ú Samhain, seoladh Nasc Áitiúil TFI, Gaillimh, Bealach 432 ón gCeathrú Rua go dtí an Clochán. Seirbhís nua a oibríonn seacht lá sa tseachtain a bheidh sa bhealach.**

**Oibríonn an tseirbhís trí sheirbhís fillte sa lá, agus an Cheathrú Rua, Casla, Scríb, Doire Iorrais, Cill Chiaráin, Carna, Leitheanach, Cloch na Rón, Baile Conaola agus an Clochán á gcumhdach, agus nasc nua á chruthú idir Cloch na Rón agus Casla.**

**Chomh maith leis sin, soláthraíonn an tseirbhís nua seirbhís bhuaic-ama nua a idirmhalartóidh le seirbhísí díreacha go Gaillimh agus nascacht fheabhsaithe chuig seirbhísí réigiúnacha bus ó Chasla do chomaitéirí.**

**Tá an bealach nua seo á chistiú ag an Údarás Náisiúnta Iompair mar chuid den ghréasán Transport for Ireland.**

**Dúirt Hildegarde Naughton TD, Aire sa Roinn Iompair atá lonnaithe i nGaillimh: "Tá áthas an domhain orm chun an lainseáil nua de sheirbhís Bealach 432, atá ag ceangail An Cheathrú Rua agus An Clochán, a fheiceáil. Is as Gaillimh ó dhúchas mé agus tuigim go hiomlán go bhfuil gá ann chun daoine agus áiteanna a cheangal, go háirithe in áiteanna iargúlta. Caithfidh go bhfuil seirbhísí d'ard chaighdeán, insroichte, inacmhainne agus sábháilte do chuile dhuine. Is féidir ról ríthábhachtach a bheith ag na seirbhísí seo as ucht an aistriú ó iompar príobháideach, go hiompar poiblí, a chuir chun cinn. Ní amháin rogha neamhdíobhálach é iompar poiblí. Is rogha cuimsitheach go sóisialta agus insroichte go heacnamaíoch é chomh maith. Tháinig an tseirbhís nua seo díreach in am agus muid ag teacht isteach sa Gheimhreadh leis an gcostais breosla costais eile ag ardú."**

**Ag labhairt dó roimh an seoladh, dúirt Joe Greally, Bainisteoir Nasc Áitiúil TFI, Gaillimh: Cuirfidh sé seo go mór le Gréasán Nasc Áitiúil, Gaillimh, agus cuirimid fearadh na fáilte roimhe. Táimid an-tógtha faoi bheith in ann é seo a fhógairt tar éis na míonna a caitheadh i mbun comhairliúcháin agus pleanála. Táimid cinnte go gcuirfidh an tseirbhís nua seo feabhas ar shaol an phobail a bhíonn ag taisteal agus go mbeidh sí ina rogha inmharthana eile ar an iompar príobháideach laistigh den réigiún seo.**

**Is é atá i seirbhísí iompair tuaithe Nasc Áitiúil TFI ná cuid thábhachtach den saol laethúil, agus daoine á nascadh acu chuig poist agus chuig saoráidí oideachais, cúram sláinte, siopadóireachta agus áineasa/turasóireachta. Bíonn ag bonneagar iompair inbhuanaithe a dhearadh tionchar bunúsach ar shláinte agus folláine daoine sa phobal. Cabhraíonn sé le dul i ngleic le haonrú sóisialta, cuireann sé feabhas ar inrochtaineacht fhoriomlán agus soláthraíonn sé deiseanna le haghaidh gníomhaíocht iompair ghníomhaigh ar bhonn tráthrialta agus le haghaidh gníomhaíocht fhisiciúil laethúil.**

**Chun faisnéis a fháil faoi bhealaí agus faoi amchláir, cuir glaoch ar (091) 842 384 nó tabhair cuairt ar locallinkgalway.ie**

### Amchlár

**432** An Cheathrú Rua go dtí an Clochán
Lá: An Luan go dtí an Domhnach (Seirbhís seasta)

| Áit Imeachta | Stadanna | An Luan go dtí an Domhnach | | |
|---|---|---|---|---|
| An Cheathrú Rua | *Eurospar* | 06:30 | 11:10 | 15:50 |
| Casla | *Crosbhóthar Raidió na Gaeltachta* | 06:35 | 11:15 | 15:55 |
| Scríb | *An Crosbhóthar* | 06:45 | 11:25 | 16:05 |
| Ros Muc | *An Crosbhóthar* | 06:55 | 11:35 | 16:15 |
| Cill Chiaráin | *Oifig an Phoist* | 07:05 | 11:45 | 16:25 |
| Carna | *Oifig an Phoist* | 07:13 | 11:53 | 16:33 |
| Carna | *An Crosbhóthar* | 07:15 | 11:55 | 16:35 |
| Leitheanach | *Óstán Theach Mór Tuaithe Zetland* | 07:30 | 12:10 | 16:50 |
| Cloch na Rón | *Stad 419 de chuid Bhus Éireann* | 07:46 | 12:26 | 17:06 |
| Baile Conaola | *Leaba is Bricfeasta Keogh* | 08:01 | 12:41 | 17:21 |
| An Clochán | *Stad Bus Shráid an Mhargaidh* | 08:16 | 12:56 | 17:36 |

**432** An Clochán go dtí an Cheathrú Rua
Lá: An Luan go dtí an Domhnach (Seirbhís seasta)

| Áit Imeachta | Stadanna | An Luan go dtí an Domhnach | | |
|---|---|---|---|---|
| An Clochán | *Stad Bus Shráid an Mhargaidh* | 08:50 | 13:30 | 18:10 |
| Baile Conaola | *Os comhair Leaba is Bricfeasta Keogh* | 09:05 | 13:45 | 18:25 |
| Cloch na Rón | *Stad 419 de chuid Bhus Éireann* | 09:20 | 14:00 | 18:40 |
| Leitheanach | *Óstán Theach Mór Tuaithe Zetland* | 09:36 | 14:16 | 18:56 |
| Carna | *An Crosbhóthar* | 09:51 | 14:31 | 19:11 |
| Carna | *Oifig an Phoist* | 09:53 | 14:33 | 19:13 |
| Cill Chiaráin | *Oifig an Phoist* | 10:01 | 14:41 | 19:21 |
| Ros Muc | *An Crosbhóthar* | 10:11 | 14:51 | [illegible] |
| Scríb | *An Crosbhóthar* | 10:21 | 15:01 | [illegible] |
| Casla | *Crosbhóthar Raidió na Gaeltachta* | 10:31 | 15:11 | [illegible] |
| An Cheathrú Rua | *Eurospar* | 10:36 | 15:16 | 19:36 |

# 'An duine is inspioráideach i nGaillimh'



Comhghairdeas mór ó chroí le Gráinne Ní Lochlainn atá tar éis a bheith ainmnithe mar an "Duine is Inspioráideach i nGaillimh" ag Gradam Miondíola Gala i gcomhar le Virgin Media i mbliana. Agus í ag obair mar altra sláinte poiblí i gConamara, chuir Gráinne a croí agus a hanam isteach agus í ag tabhairt aire do gach othar agus í san am céanna ag tabhairt faoi Mháistreacht sa chúram sláinte freisin. Glac sí lena seic, atá tuillte go maith aice, ag an nGala áitiúil, Ollmhargadh Mhic Dhonnchadha i gCill Chiaráin.
Maith thú a Ghráinne agus coinnigh suas an obair iontach agus spreagúil atá á dhéanamh agat dár gceantar.

## Club Óige an Chaisil



Bhí oíche chlárúcháin ar siúl ar an gCaiseal ar an 11 Samhain chun tús a chur leis an gClub Óige arís i mbliana. Is í Vivienne Ní Niaidh an tOibrí Óige don chlub. Reáchtáil sí an chéad oíche do Chlub Óige an Chaisil ar an 18 Samhain sa Halla Pobail agus bhí tráthnóna iontach acu ar fad.

## Fóram Réigiúnach OPT an Iarthair/ na Mí





D'óstaigh foireann Pleanála Teanga Chonamara Láir an chéad teacht le chéile in Ionad na nImirceach ar an 17 Samhain. Bhí plé fiúntach ag Fóram Réigiúnach OPT an Iarthair/ na Mí agus táthar ag súil cruinnithe dá léithid a réachtáil níos rialta. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le foireann Ionad na nImirceach as a gcúnamh ar fad agus le Tigh Mheaic a d'ullmhaigh an lón blasta.

## Ceardlann Scileanna Siorcais Chonamara Láir

**Bhí an-spórt agus spraoi againn ag an 'Seó & Ceardlann Scileanna Sorcais' shuas ar an tSraith Salach ar an 28ú Dheireadh Fómhair. Chur Stiofán ó Juggle.ie taipeántas agus ceardlann iontach ar siúl trí Ghaeilge do na páistí i Halla Pobail Maméain.**
**Ní hamháin sin, ach tháinig Micí agus Minnie an bealach ar fad go ó Orlando chun cuairt a thabhairt orainn!**
**Bhí neart sólaistí ar fáil á bhuíochas le Tigh Seoige, Sraith Salach. Míle buíochas le gach duine a thug cúnamh an tráthnóna sin agus go háirithe Coiste Halla Pobal Mhaméan as cead a ligeann an áit a úsáid agus na tuismitheoirí agus páistí a bhí rannpháirteach.**














## Lá Digiteach ar dTús

**Bhí Gteic Gréasán Digiteach na Gaeltachta ag croílár na n-imeachtaí don "Lá Digiteach ar dTús" (Digital First Day) an togra náisiúnta a bhfuil sé mar aidhm aige léargas a thabhairt do phobal tuaithe na hÉireann, idir lucht gnó, lucht fiontraíochta agus an gnáthphobal, ar an leas agus an buntáiste atá le baint ag pobail thuaithe as an digitiú.**
**Ghlac gteic Charna páirt san imeacht a bhí ar siúl ar an 15ú Samhain.**
**Míle buíochas le gach duine a d'fhreastal ar an ócáid, go háirithe daltaí Coláiste na bPiarsach, Ros Muc agus Scoil Phobail Mhic Dara.**
**Buíochas freisin le:**
**Mary Uí Chadhain, ó Bhord Údaráis na Gaeltachta, a d'oscail an ócáid**
**Tigh Mheaic as sólaistí blasta a chur ar fáil agus gach duine eile a thug cúnamh ar an lá.**

# Máistirphlean Fuinnimh Chonamara Láir

**Sheol Rónán Mac con Iomaire an Máistirphlean Fuinnimh do cheantar Chonamara Láir go hoifigiúil ar an 21 Samhain i gColáiste Chuimhneacháin an Phiarsaigh, Rosmuc.**

**Tá an Máistirphlean Fuinnimh i gConamara Láir mar thoradh ar thaighde áitiúil agus ar iniúchadh BER chun an bonnlíne Fuinnimh i gConamara Láir a mheas. Tugann an Plean an deis dúinn mar phobal tabhairt faoi thionscadal pobalbhunaithe chun ár lorg carbóin a ísliú trínár tithe cónaithe, áiseanna pobail agus foirgnimh gnó ar fud Chonmara Láir. Tá Forbairt Chonamara Láir Teo., cláraithe mar Phobal Fuinnimh Inmharthana a ligeann dúinn tograí tairbheacha sa Phobal a fhiosrú le tacaíocht ó SEAI. Táimid tar éis tús a chur le clinicí SEAI Tithe Níos Teo ( Warmer Home Scheme). Táimid ag obair lenár hallaí pobail chun maoiniú oiriúnach a lorg chun a n-áiseanna a iarfheistiú. In 2023 déanfar iniúchadh ar sceideal deiseanna breise i gcomhar le Coistí Áitiúla.**







**Is deis í seo don phobal tabhairt faoin lorg carbóin a ísliú agus an costas maireachtála a laghdú.**
**Tuilleadh eolais: fclteo@conamaralair.ie**
**095 32688**

## MEABHRÚCHÁN!



**Tá áthas orainn é a fhógairt go mbeidh muid ag eagrú dhá cheardlann ceardaíochta i rith na Nollag i gcomhar le Cian Bairéad:**
***5 Nollag 18:30: Ionad Cuimhneacháin na nImirceach***
***6 Nollag 18:30: An Chrannóg, Rosmuc***
**Deis álainn é seo chun foghlaim conas do mhaisiúchán Nollag féin a dhéanamh do do theach.**
**Spásanna teoranta agus molann muid clárú tré rphost a sheoladh chuig ocpt@conamaralair.ie roimh Dé Céadaoin an 30 Samhain.**
**Bígí linn chun tús a chur le séasúr na Nollag.**
**Beidh neart sólaistí deasa ar fáil.**

# Coirnéal Chomhrá

**Aoi na míosa: Marian Ní Chonghaile, Cóitseálaí Saoil**



**1.Ainm Baile (e.g. I ndiaidh do mhuintir):** Marian Bhríd Tom Bán nó Marian Mhairtín Leaca Dona

**2.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Tá conaí orm i gCnoc na Cathrach, Gaillimh

**3.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Labhraíonn mé Gaeilge go laethúil le mo chlann agus mo chairde agus usáideann mé an Ghaeilge le mo chuid oibre.

**4.Ar fhás tú suas sa cheantar seo?** Rugadh i Londain mé. D'fhill an chlann ar Leitir Móir na Coille, Camus nuair a bhí mé 4 bliana d'aois agus d'fhás mé suas ansin. Táim imigh as Leitir Móir na Coille le blianta ach fileann mé ar an mbaile go minic.

**5.Cén cartún a raibh suim agat ann agus tú ag fás aníos?** Tom agus Gerry – chuir sé fonn gáire orm i gcónaí gan focal a rá acu ach iad a siosarnach lena chéile.

**6.An mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Tá an t-ádh dearg orm go bhfuil mé ábalta an chuid is mó do mo chuid oibre mar choitseála saoil a dhéanamh trí mheáin na Gaeilge.

**7.Céard é an béile is fearr leat?** An iomarca béilte lena lua

**8.Céard é an deoch is fearr leat?** Seacláid thé

**9.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Snámh san fharraige agus seacláid thé ina dhiaidh

**10. An saoire is mó cuimhní agat ar & cén fáth?** Saoire i Malawi, san Afraic. Bhí na daoine chomh cairdiúil agus bhain said an oiread sult as a bheidh ag damhsa, ag gáire agus comhluadar a chéile.

**11. Cén cineál ceoil ina bhfuil suim agat ann?** Is breá liom a bheidh ag éisteacht le chuile cinéal ceoil – ceol traidisiúnta, jazz, clasaiceach, popcheoil agus go leor eile.

**12. Dá mbeadh tú ag ceannach leabhar – cén saghas leabhar a gheobhfá?** Leabhar maidir le forbairt pearsanta is mó a bhfuil suim agam ann faoi láthair.

**13.An nóiméad den lá is fearr leat?** Nuair atá mé istigh san fharraige

**14. An comhairle is fearr a tugadh duit:** Bí buíoch as chuile lá.

## Comórtas Grianghrafadóireachta



Comhghairdeas mór le Ruadharc Ó Mainín, buaiteoir na míosa seo, a thóg an picitúir álainn fómhair seo de Theach an Phiarsaigh, Rosmuc.

Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn. Is í Johanna Ní Mháille, grianghrafadóir aitheanta atá lonnaithe i gConamara, atá i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana.

Táimid ag obair faoi láthair ar Fhéilire Chonamara Láir 2023 agus ag súil iad a dháileadh ar an bpobal i rith na Nollag.

## Logainm na Míosa:

Úraid:

Talamh 'úr' nó bogaigh atá tais

## Seanfhocal na Míosa:

Dá mbeadh soineann go Samhain bheadh breall ar dhuine éigin

### Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir | conamaralair | @ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**